Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0216

Tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar (IRSG)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar (ISRG) (11951/2025 – C10-0208/2025 – 2017/0159(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11951/2025),

– ag féachaint do Bhunreacht an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar[1], agus go háirithe Airteagal XVI, mír 3, de,

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0208/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0186/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do tharraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Rúnaíocht an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar.

---

[1] IO L 264, 8.10.2011, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/statute/2011/1008/oj